



Gnó Mhaigh Eo

Folúntas: Príomhfheidhmeannach

Tá folúntas ag Gníomhaireacht Mhaigh Eo do dhuine cruthaitheach, réamhghníomhach agus cumasach chun bheith ina P(h)ríomhfheidhmeannach ar an gcuideachta chomhpháirtíochta seo, a bhfuil sé mar aidhm aici obair le lucht gnó an chontae chun tairbhe a bhaint as an nGaeilge mar acmhainn eacnamaíochta. Dá bhrí sin, beifear ag súil go mbeidh an té a cheapfar cumasach agus muiníneach, agus go mbeidh siad in ann a léiriú go bhfuil taithí gnó agus bainistíochta chomh maith le bua na cumarsáide acu, agus gur féidir leo obair go héifeachtach le daoine eile.

Bheadh na tréithe a leanas ag sár-iarrthóir ar an bpost:

- Taithí i bhfiontraíocht agus i bhforbairt gnó;
- Taithí i mbainistiú foirne - in ann obair go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon;
- Taithí i bpleanáil straitéiseach agus meastóireacht;
- Scileanna i gcúrsaí airgeadais agus in aimsiú foinsí cistiúcháin;
- Scileanna cumarsáide agus gréasánaithe;
- Eolas, tuiscint agus spéis i gcúrsaí Gaeilge;
- Cumasach in éascú grúpaí;
- Scileanna agus taithí i mbainistiú imeachtaí agus tionscadal.

Buncháilíochtaí

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus taithí chuí san earnáil ghnó, i mbainistiú foirne agus tionscadal;
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa;
- Sárscileanna riaracháin, ríomhaireachta, cumarsáide agus tuiscint ar chúrsaí teanga agus gnó.

Dualgais

- Bainistiú foirne agus tionscadal;
- Bainistiú agus cothabháil buiséid;
- Margaíocht agus cur chun cinn Ghnó Mhaigh Eo;
- Nascadh agus gréasánú le heagraíochtaí gnó agus leis an lucht gnó;
- Teagmháil agus tuairisciú don Bhord Stiúrtha agus don Roinn;
- Caidreamh a chur ar bun agus a chur chun cinn leis an lucht gnó, eagraíochtaí fiontraíochta agus grúpaí pobail;
- Ionadaíocht a dhéanamh do Ghnó Mhaigh Eo ag ócáidí gnó agus cruinnithe;

- Cumarsáid a dhéanamh thar ceann Ghnó Mhaigh Eo sna meáin áitiúla, sna meáin Ghaeilge, sna meáin shóisialta, agus ar láithreán gréasáin na heagraíochta;
- Aistriúchán a dhéanamh dár gcliaint.

**Ní cur síos críochnúil é seo ar an bpost agus tá sé faoi réir athbhreithniú de réir riachtanais an róil.

Tuarastal

- Beidh an tuarastal go hiomlán uileghabhálach.
- **Scála Tuarastail:**
€46,770 – €53,345, ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí. Is post lánaimseartha é seo.
- **Tréimhse:** Conradh tosaigh 18 mhí.

Laethanta Saoire

- Beidh an té a cheapfar i dteideal 25 lá de shaoire bhliantúil in aghaidh na bliana.

Earcaíocht

- Is é Gnó Mhaigh Eo, nó ionadaithe thar a gceann, a dhéanfaidh an t-agallamh iomaíoch a réachtáil.

Gearrliostáil: D'fhéadfaí iarratasóirí a chur ar ghearrliosta d'agallamh bunaithe ar eolas a thugtar san iarratas. Sa chás nach meastar réasúnta é gach iarrthóir a chur faoi agallamh de bharr líon na n-iarratas faighte nó de bharr chaighdeán ginearálta eolais, oiliúna nó taithí na n-iarratasóirí, ní chuirfear faoi agallamh ach na hiarratasóirí sin is dóchúil a bheidh in ann caighdeán sásúil a léiriú san agallamh le go roghnófaí agus go molfaí chun na hoibre iad.

Cur i láthair: Iarrfar ar na hiarratasóirí cur i láthair 5 nóiméad a dhéanamh ar thionscadal amháin a spreagfadh an lucht gnó chun tairbhe a bhaint as an nGaeilge mar acmhainn eacnamaíochta. Ní féidir tionscadal de chuid Ghnó Mhaigh Eo a úsáid.

Triail Teanga: Déanfar an triail cháilitheach teanga a eagrú ag, nó thar ceann, Ghnó Mhaigh Eo. Beidh sa triail teanga scrúdú scríofa ar ábhar ginearálta agus ar ábhar a bheidh bainteach le dualgais an phoist atá faoi chaibidil. Ní bheidh eolas ar théarmaí teicniúla neamhghnácha ag teastáil.

Ní mór láncheadúnas glan Éireannach tiomána a bheith ag an té a cheapfar, agus carr ar fáil dóibh le húsáid le haghaidh a gcuid oibre.

Ní mór don té a cheapfar bheith ar fáil chun obair um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine uaireanta, agus bheith solúbtha le linn tréimhsí gnóthacha.

Seol litir chumhdaigh agus CV chuig gnomhaigheo@gmail.com roimh 5pm, an 28 Feabhra 2019.

Is fostóir comhionannas deiseanna é Gnó Mhaigh Eo.